

# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí  
as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

27 LÚNASA 2020



## AN FOCAL SCOIR

Cuireadh tús le gairid leis an **bhFocal Scoir**, sraith teilifíse nua, de chuid BBC 2 Thuaisceart Éireann, Sraith díospóireachta trí Ghaeilge atá ann ina ndéanfar plé agus anailís ar éifeacht na paindéime ar chúrsaí eacnamaíochta, síceolaíochta agus sóisialta, ar fud an domhain agus anseo in Éirinn. Ceithre chlár le Máire Bhreathnach mar láithreoir, atá ann. Beidh painéal iriseoirí agus tráchtairí éagsúla ina teannta, leithéidí Póilín Ní Chiaráin, Ciarán Ó Pronntaigh agus Máire Treasa Ní Cheallaigh as gCeathrú Rua. Craolfar an chéad chlár eile ar an Luan 31/08 @ 10i.n. ar BBC 2 T. Éireann.



## SCÉAL THOIT CHONÁIN

D'fhoilsigh **Molscéal** físeán an-spéisúil le deireanaí faoin Toit Chonáin atá i mBaile na hAbhann. Insítear stair Chonáin Mhaoil duine de na Fianna, an Chailleach agus Toit Chonáin sa bhfíseán, le cur i láthair iontach ó Mháirín Mhic Lochlainn. Is féidir an físeán a fheiceáil ar leathanach Facebook Molscéal.

 MOLSCÉAL

## SEÁN STAFFORD RIP

Tá Seán Stafford, fear a bhí an-ghníomhach i bhfás agus i bhforbairt chúrsaí drámaíochta agus cultúir i gcathair na Gaillimhe le breis is trí scór bliain, ar shlí na fírinne. Is mór go deo an tacaíocht a thug sé féin agus a bhean Máire, nach maireann, don Taibhdhearc ó bhog siad go Gaillimh i bhfad siar agus lean a gclann leis an tiomantas céanna don drámaíocht agus do na healaíona. Is iomaí sin aisteoir as Gaeltacht Chonamara a spreag Seán le bheith páirteach i léirithe na Taibhdheirce agus bhíodh sé ar fáil i gcónaí le comhairle agus smaointe a chur ar fáil do chumainn drámaíochta an cheantair. Bhíodh sé ar an bhfoireann teagaisc sa nGairmscoil ar Bhóthar an Athar Uí Ghríofa áit ar theagasc sé cuid de mhuintir Chois Fharráige, daoine a bhfuil cuimhní geala, geanúla acu ar an bhfear lách a thug misneach agus ugach dóibh. 96 bliain d'aois a bhí Seán. Leaba i measc an Naomh go raibh aige.

## POST AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar Oifigeach Féichiúnaithe á fhógairt ag Údarás na Gaeltachta. Post buan atá ann, agus beidh an té a éiríonn leis nó léi ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Airgeadais. Sna Forbacha a bheidh an toifigeach lonnaithe. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach ríomhphost a sheoladh chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie) nó ag [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie). Glacfar la hiarratais suas go dtí 10 Meán Fómhair 2020 @ 16:00

## RÉ NUA DO MHÁIRTÍN TOM SHEÁINÍN!



Fógraíodh le deireanaí go mbeidh an laoch craoltóireachta Máirtín Tom Sheáinín ag éirí as a phost le RTÉ Raidió na Gaeltachta sa bhFómhar. Fillfidh an craoltóir aitheanta ar 'Ardráthnóna', clár atá á chur i láthair aige le 22 bliain anuas ar feadh dhá mhí ag tosú ar an 8ú Meán Fómhair. Cé nach mbeidh Máirtín le cloisteáil ar an raidió feasta, beidh sé le feiceáil ar shraith nua den chlár teilifíse **Comhrá** an bhliain seo chugainn.




## COMHAIRLE AR FÁIL DO THUISMITHEOIRÍ

Tá comhairle agus cúnaimh ar fáil do thuismitheoirí agus don theaghlach uilig maidir le treoirlínte na paindéime a leanacht go sábháilte agus iad a bailiú le chéile in aon áit amháin. Tá an t-eolas ar fad ag [www.teangati.ie](http://www.teangati.ie)

**FANAIGÍ SLÁN**

## CÚLA4 AR AIS AR SCOIL!

Ní fada anois go dtí go mbeidh Cúla4 ar Scoil ar ais ar na scáileáin! Cuirfear tús leis an dara sraith ar an Luan 31/08 @ 10r.n. ar TG4. An Scoil an téama a chuirfidh na múinteoirí os ár gcomhair don chéad agus don dara seachtain. Is féidir aithne níos fearr a chur ar na múinteoirí nua ar chuntas FB Cúla4.



## MÁIRE & MÁIRTÍN I MBUN COMHRÁ

Is í Máire hOibicín Uí Eidhin as Leitir Mucú, ó dhúchas ach a bhfuil cónaí uirthi sa Spidéal le fada an lá anois a bheidh i mbun comhrá le Máirtín Tom Sheáinín ar **Comhrá TG4** ar an Déardaoin 27ú @ 19:30. Bean bhríomhar, ildánach í a bhfuil dúil ar leith aici i bpéinteáil agus i bhfhilíocht. Foilsíodh **Taoscadh an Tobair** a céad chnuasach filíochta i 2017.



## CÚRSA OILIÚNA SA GHAELGE FHEIDHMEACH & AISTRIÚCHÁN

Tá Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúcháin á fhógairt ag Europus faoi láthair. Cúrsa ardghairmiúil, lán-aimseartha, sé mhí atá ann agus tá sé á reáchtáil i gcomhar le GMIT agus Udarás na Gaeltachta. Tá sé dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aisthritheoirí gairmiúla nó daoine atá ag obair in earnáil na Gaeilge. Cuirfear tús leis an gcúrsa i mí Dheireadh Fómhair 2020, leanfaidh sé go Márta 2021. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó [sinead@europus.ie](mailto:sinead@europus.ie) nó glaoigh ar 091 595 492 Cúrsa saor in aisce é agus glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 11 Meán Fómhair 2020.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA BHFEAR -

#### Dé Máirt 25/08 Faoi 14 R2 (Peil)

An Spidéal	0-04
Cinn Mhara	3-14

#### Domhnach 23/8 Craobh I.M. (Iom)

An Spidéal	2-13
Baile Átha an Rí	1-19

#### Domhnach 23/8 F12 G10 (Iom)

CLG Micheál Breathnach	6-05
Cillín a Díoma	1-02

#### Domhnach 23/8 F12 G4 (Iom)

CLG Micheál Breathnach	3-01
Cillín a Díoma	7-02

#### Domhnach 23/8 C1 G4 (Iom)

Bearna/Na Forbacha	0-11
Maigh Cuilinn	7-14

#### Domhnach 23/08 F12 G10 (Iom)

Cois Fharrage	0-01
Ráhún/An C. Nua	9-14

### - TORTHAÍ NA MBAN -

#### Dé hAoine 21/08 F16 R4 B3

An Spidéal	2-02
Naomh Mhicheál	5-10

#### Dé Sathairn 22/08 F12 R1 B3

An Spidéal	1-08
Eanach Dhúin	1-09

#### Dé Sathairn F12 R2 B3 (Iarthar)

Bearna	0-02
Uachtar Ard	6-04

#### Dé Sathairn 22/08 (B) B2

CLG Micheál Breathnach	1-09
Uachtar Ard	4-04

#### Dé Sathairn 22/08 F14 R2

Bearna	2-06
Baile Locha Riach	6-13

#### Dé Sathairn F14 R3 B4

CLG Micheál Breathnach	7-11
Maigh Cuilinn	3-07

## FOCLÓIR NA PAINDÉIME

**coróinvíreas**  
COR-ŌWV-VEERUS  
CORONAVIRUS

**scaradh soisialta**  
SCAR-ŌD SOESHYALTA  
SOCIAL DISTANCING

**ag casacht ag neadú**  
AG CASACHT AG NEADÚ  
COUGHING IS COVEY IS NYSCH-ŌD  
ISOLATING

**ag ligint sraoth**  
AG LIGINTH SREATH  
SNEEZING

**oibrí bunriachtanach**  
OIBRÍ BUNRIACHTANACH  
KEY WORKER

**fan sa bhaile**  
FAN SA BHAILE  
STAY AT HOME

Is iomaí póstaer álainn atá ag Gaeilge sa Bhaile ar Facebook don seomra ranga, don teach nó don oifig fiú le roinnt cúnaimh a thabhairt dúinn cleachtadh a fháil ar fhoclóir na paindéime, ar bhealaí simplí & éasca.